# Tuilte i Luimneach

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuilte i Luimneach. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an méid atá ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.

**Ceist 2** Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

| | |
|---|---|
| 1. seirbhísí éigeandála | a. *cornered, hemmed in* |
| 2. tuile uisce | b. *the Mid-West* |
| 3. barr taoide rabharta | c. *for the third time* |
| 4. teanntaithe | d. *announced* |
| 5. An Meán-Iarthar | e. *emergency services* |
| 6. borradh stoirme | f. *to abate* |
| 7. a mhaolú | g. *a flood of water* |
| 8. thar a bruacha | h. *high spring tide* |
| 9. den tríú babhta | i. *surging storm* |
| 10. fógartha | j. *overflowing her banks* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cé a bhí thíos leis na tuilte i Luimneach ar maidin?
2. Cad ba chúis leis na tuilte?
3. Cé chomh hard is a bhí an taoide?
4. Cén fáth a raibh fearg ar mhuintir na cathrach ar maidin?
5. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi theach Paul agus Margaret Ryan?

**Ceist 4** Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla den aimsir chaite a chloiseann tú inti. Cuir in abairtí ansin iad lena mbrí a léiriú.

**Ceist 5** '…a **g**cuid troscáin…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa sampla thuas?
2. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois:

   - Did she bring her bag with her?
   - He lives in Galway.
   - Their cat ate all the food.
   - My friend is sitting beside me.
   - We are eating our dinner.
   - Was your coat expensive?
   - Your (pl) copybooks are on the table.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil an oiread sin stoirmeacha againn in Éirinn i mbliana, dar leat?
2. Dá mbeadh do theach ag dul trí thine agus mura mbeifeá in ann ach rud amháin a shábháil ón teach, cad a thabharfá leat?
3. An bhfuil an rialtas ag déanamh a dhóthain chun cuidiú le daoine atá thíos leis na stoirmeacha, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

**Ceist 2**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| e | g | h | a | b | i | f | j | c | d |

**Ceist 3**
Féach an script.

**Ceist 4**
- *tháinig*
- *fágadh*
- *dúradh*
- *a bhuail*
- *dúirt*
- *gur chuir*
- *nach raibh*
- *buaileadh*
- *léirigh*
- *a bhí*
- *chuaigh*
- *bhí*
- *bhíodar*
- *do bhuaigh*

**Ceist 5**
1. An aidiacht shealbhach.
2. - Ar ghlac sí a mála léi?
   - Tá sé ina chónaí i nGaillimh.
   - D'ith a gcat an bia go léir.
   - Tá mo chara ina s(h)uí in aice liom.
   - Tá muid/Táimid ag ithe ár ndinnéir.
   - An raibh do chóta costasach?
   - Tá bhur gcóipleabhair ar an mbord.

**Ceist 6**
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Tomás Ó Mainnín**
Luath ar maidin i bPáirc Naomh Muire i gCathair Luimnigh agus na seirbhísí éigeandála ar an láthair ag iarraidh tuile uisce a réiteach. Tar éis uisce trom agus barr taoide rabharta, tháinig an t-uisce isteach ar an mbóthar anseo. Fágadh muintir na háite agus daltaí scoile ar maidin teanntaithe ag an dtuile[1] agus deacrachtaí ag feithiclí dul tríd an uisce.

Dúradh gurb í seo an stoirm is measa a bhuail an Meán-Iarthar fós an geimhreadh seo. Dúirt na húdaráis gur chuir gála na maidine go mór le borradh stoirme nach raibh aon choinne leis anseo, le taoide de 4.3 méadar ar airde laistiar de. In 2014, buaileadh an áit seo go holc agus léirigh daoine fearg anseo ar maidin, ag rá gur beag a bhí déanta ó shin chun a leithéid seo a mhaolú.

Sa Chorrbhaile, ar an dtaobh[2] thuaidh den gcathair[3], chuaigh an tSionainn thar a bruacha, agus isteach i gcúig cinn de thithe. Den tríú babhta ó 2009, bhí an t-uisce istigh ina dtigh[4] ag Paul agus ag Margaret Ryan.

'It was up to my knees, the whole house covered.'

Óna sé a chlog ar maidin, bhíodar ag iarraidh a gcuid troscáin agus a gcuid sealúchaisí[5] tí a ardú ón uisce. Faraor, do bhuaigh an t-uisce ar mhórán dá n-iarrachtaí. Tá taoide ard fógartha anseo don gcúpla[6] oíche atá romhainn. Cé go bhfuil an gála maolaithe tráthnóna, tá imní anseo go bhféadfadh cúpla oíche dheacair fós a bheith rompu, de bharr na haimsire sractha[7] atá fógartha.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Luimneach.

[1] Córas na Mumhan
[2] Córas na Mumhan
[3] Córas na Mumhan
[4] *ina dteach* an leagan caighdeánach
[5] *a gcuid sealúchais* an leagan caighdeánach
[6] Córas na Mumhan
[7] *an aimsir stracaithe* a deirtear